**M.62T**

**AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA**

**SCRÚDÚ ARDTEISTIMÉIREACHTA, 2001**

**An páipéar seo le tabhairt d'iarrthóirí ar an Aoine, 4 Bealtaine.**

**EALAÍN**

**CUMADÓIREACHT SHAMLAÍOCH AGUS ÁBHAR NEAMHBHEO - GNÁTHLEIBHÉAL**

**11 BEALTAINE - MAIDIN 9.30 go 12.00**

Tá 100 marc ag dul don pháipéar seo.

**TREORACHA**

Scríobh d'Uimhir Scrúdaithe go soiléir sa spás atá ann di ar an bpáipéar líníochta. Scríobh teideal an pháipéir - "Ábhar Neamhbheo" nó "Cumadóireacht Shamhlaíoch" - ar an mbileog líníochta thíos díreach faoi bhun d'Uimhir Scrúdaithe. Is gá do phointe tosaithe a scríobh ar chúl an pháipéir líníochta. Is ceadmhach duit cúl an pháipéir a úsáid más mian leat. Ceadaítear úsáid a bhaint as rianpháipéar, as páipéir dhaite, as ábhair uigeachta nó as ábhair eile is gá de ghnáth leis an gceist a fhreagairt. Ní mór do na hiarrthóirí a roghnaíonn Ábhar Neamhbheo rudaí cuí is rogha leo féin a thabhairt isteach agus a ngrúpaí féin a shocrú in am do thús an scrúdaithe.

## SLIOCHT TUAIRISCIÚIL

Ina bhfuil pointí tosaithe

**N.B. Ní mór do phointe tosaithe a bheith luaite ar chúl do bhileog líníochta.**

Tráthnóna fuar, céasta, Fómhair atá ann. Tá an bháisteach ag sileadh braon ar bhraon anuas an fhuinneog agus tá an ghaoth ag geonáil agus ag búiríl ag éileamh airde. Tá na duilleoga i ngreim dlúth ar na géaga ach déanann an ghaoth chruálach, gan trócaire deimhin de go ngéileann siad don bhás.

Tá tuile agus atá san abhainn agus sceitheann sí amach ar an mbóthar atá faoi uisce cheana féin. Tá iasc le feiceáil i lochán agus é ag snámh timpeall is timpeall. Ritheann ainmhithe beaga soir siar sa scrobarnach a lorg foscadh.

Bhí cuma thréigthe ar an sean-teach, mar a raibh na ballaí clúdaithe le heidhneán agus le taise a shleamhnaigh in airde ón talamh báite. Bhí cuma neamhtharraingteach ar an ngáirdín fiáin, mar a raibh uisce báistí ag luí go trom ar an duilliúr. Puiteach agus griothal a bhí rompu agus iad ar iarraidh a mbealach a dhéanamh suas an cosán sean-chaite a bhí sa ghháirdín.

Chomh luath agus a bhí an bheirt taistealaí tuirseach Trish agus Tomás taobh istigh bhaineadar a gcuid bróga fliucha agus a gcuid seaicéid éadrom-mheáchan agus leag siad iad i gcúinne sa sean-cúlchistin. Shil an t-uisce de na héadaí báite agus rinne lochán uisce ar an urlár in aice leis an gciseán ina raibh cat ina chodladh.

Bhí Bach, an cat, ina chodladh go sámh ar a bhlaincéad seicéadach buí agus dubh aineolach ar a raibh ag tárlú ina thimpeall agus gan spéis aige ann. Bhí málaí bruscair ina luí sa chúinne a chuirfí amach a thúisce is a stopfadh an bháisteach. Ba shoiléir ó na málaí bruscair agus a raibh iontu go raibh an-am ag lucht an tí an oíche roimhe sin.

D'fháiltigh siad roimh fheadáil an chitil agus shocraigh an bheirt taistealaí tuirseach síos le cupán tae os comhair an t-soirn seanaimseartha a bhí ag téamh an seomra teolaí. Chaith an solas scáil ar bhailiúchán vásaí, coinnleoirí agus earraí ársa a máthar.

Agus an deoch thé á chuimilt idir a lámha aici thug Trish chun cuimhne an dá sheachtain deiridh sa ghrian dheargtha thé, seanthithe beaga barrúla aolta cósta na Spáinne. Is cuimhin léi na seanmhná a bhí gléasta in éadaí dhubha ag bailiú i ngrúpaí bheaga agus clabaireacht na maidine ar siúl acu. Bhí an t-uafás le n-insint aici dóibh nuair a dhúiseoidís ar maidin. Chuideoidh na griangrafanna léi cur síos a dhéanamh ar na margaí sráide a bhíodh ann luaith ar maidin ina bhféadfá rud ar bith, ó shnáthaid go ancaire a cheannacht.

An caife inar chaitheadar gach am lóin ag faire ar na sean-iascairí agus a gcuid asal ag iompar gabháil éisc na maidine mar a raibh éisc andúchasacha ar nós ochtapus, portán agus angailt. Bhí atmaisféar draíochtúil, meánaoiseach le brath ar an sean-shráibhaile ina raibh siopaí beaga barrúla, sraideanna pábhálta le duirleoga agus margaí sráide ina bhfeicfeá gach saghas toradh agus glasra. Níor bhlais an horáistí agus na piorraí mar an gcéanna sa bhaile.

Agus í lán de dhea-chuimhní d'éirigh sí as an gcathaoir agus chuaigh sí a chodladh. "Is íontach an rud iad leathannta saoire ach níl sárú le fáil ar do leaba fhéin agus tuirse ort", a déarfadh a Máthair léi i gcónaí agus nach aici a bhí an cheart!

### GAN ACH CEIST AMHÁIN A FHREAGAIRT

Roghnaigh pointe tosaithe as an sliocht tuairisciúil thuas agus

**1.** Tarraing nó péinteáil pictiúr a ritheann leat tar éis duit an sliocht tuairisciúil a léamh.

**NÓ**

**2.** Tarraing nó péinteáil grúpa neamhbheo de rudaí a luaitear sa sliocht tuairisciúil nó de rudaí a chuireann an sliocht tuairisciúil i do cheann.

**NÓ**

**3.** Déan ceapadóireacht theibí a chuireann an sliocht tuairisciúil i do cheann.